



AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

Déanann An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) cuspóirí an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn trí mhaoiniú tionscadail fadtéarmach, ráthaíochtaí agus comhairle a chur ar fáil. Tacaíonn sé le tionscadail laistigh agus lasmuigh de AE. Is iad Ballstáit AE na scairshealbhóirí in BEI. Is é BEI an scairshealbhóir tromlaigh sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI) agus, le chéile, is ionann an dá eagraíocht agus Grúpa BEI. Laistigh den Phlean Infheistíochta don Eoraip atá ag an gCoimisiún, is cuid de straitéis níos leithne é Grúpa BEI, straitéis atá dírithe ar an mbearna mhór infheistíochta a shárú trí na hinfheisteoirí a scaoileadh ó chuid den riosca a bhaineann le tionscadail.

BUNÚS DLÍ

- Airteagail 308 agus 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Tá forálacha breise a bhaineann le BEI luaite in Airteagail 15, 126, 175, 209, 271, 287, 289 agus 343 CFAE;
- Prótacal (Uimh. 5) maidir le Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus Prótacal (Uimh. 28) maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

I gcomhréir le hAirteagal 309 CFAE, is é is cúram do BEI ná rannchuidiú le forbairt chothromúil rianúil an mhargaidh inmheánaigh chun leas an Aontais. Déanann BEI, i ngach earnáil den gheilleagar, éascú ar mhaoiniú tionscadail:

- a fhéachann le forbairt a dhéanamh ar réigiúin bheagfhorbartha;
- a fhéachann le gnóthais a nuachóiriú nó a thiontú, nó gníomhaíochtaí nua a fhorbairt nach féidir a mhaoiniú go hiomlán le hacmhainní atá ar fáil i mBallstáit aonair;
- ar ábhair chomhleasa iad do roinnt Ballstát.

Rannchuidíonn sé freisin le cur chun cinn an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh san Aontas (Airteagal 175 CFAE agus Prótacal Uimh. 28). Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le cur chun feidhme bearta lasmuigh de AE a thugann tacaíocht do bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt (Airteagal 209 CFAE).



Díríonn gníomhaíochtaí BEI ar shé réimse tosaíochta: an comhshaol agus an aeráid; forbairt; nuálaíocht agus scileanna; gnólachtaí beaga; bonneagar; agus comhtháthú.

ACMHAINNÍ AGUS IONSTRAIMÍ

A. Acmhainní

Agus a chuspóirí á mbaint amach aige, baineann BEI leas go príomha as a chuid acmhainní dílse agus as na margaí caipitil idirnáisiúnta (Airteagal 309 CFAE).

1. Acmhainní dílse

Is iad comhaltaí BEI, i.e. na Ballstáit, a chuireann na hacmhainní dílse ar fáil (Airteagal 308 CFAE). Leagtar síos an ranníocaíocht leis an gcaipiteal ó gach Ballstát aonair in Airteagal 4 de Reacht BEI agus déantar í a ríomh i gcomhréir le hualach eacnamaíoch na mBallstát. Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as AE, chinn Bord Gobharnóirí BEI go ndéanfaidh na Ballstáit eile a gcuid suibscríbhinní caipitil a mhéadú go comhréireach chun an leibhéal céanna de chaipiteal suibscríofa foriomlán a choinneáil (EUR 243.3 billiún). Amhail mí an Mhárta 2020, bhí méadú ab ionann agus EUR 5.5 billiún sa bhreis tagtha ar chaipiteal suibscríofa BEI, tar éis do dhá Bhallstát (an Pholainn agus an Rómáin) cinneadh a dhéanamh a gcuid suibscríbhinní caipitil a mhéadú. Is ionann agus EUR 248.8 billiún anois caipiteal suibscríofa iomlán BEI.

2. Margaí caipitil

Cruinníonn BEI an chuid is mó dá acmhainní iasachta ó mhargaí caipitil idirnáisiúnta, trí eisiúint bannaí go príomha. Tá sé ar cheann de na hiasachtóirí fornáisiúnta is mó ar domhan. Chun cistiú costéifeachtach a fháil, tá an-tábhacht le rátáil chreidmheasa atá sármhaith. I láthair na huaire, tugann na mórghníomhaireachtaí rátála creidmheasa an rátáil chreidmheasa is airde is féidir a fháil do BEI, léiriú ar cháilíocht a phunainne iasachtaí. Go ginearálta, déanann BEI maoiniú ar an tríú cuid de gach tionscadal, ach is féidir le maoiniú tacaíochta dul chomh hard le 50%.

B. Ionstraimí

Úsáideann BEI réimse leathan ionstraimí éagsúla, ach iasachtaí agus ráthaíochtaí go príomha. Tá forbairt déanta freisin, áfach, ar roinnt eile ionstraimí níos nuálaí, a bhfuil próifíl riosca níos airde ag baint leo. Déanfar tuilleadh ionstraimí a dhearadh, i gcomhar le hinstiúidí eile de chuid AE. Féadfar maoiniú arna sholáthar ag BEI a chomhcheangal le maoiniú ó fhoinsí AE eile (*inter alia* buiséad AE), próiseas ar a dtugtar meascadh. Chomh maith le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail, feidhmíonn BEI i gcáil chomhairleach freisin.

Déantar iasachtú a sholáthar go príomha i bhfoirm iasachtaí díreacha nó idirmheánacha. Tá iasachtaí tionscadail díreacha faoi réir coinníollacha áirithe, e.g. caithfidh na costais infheistíochta iomlána a bheith os cionn EUR 25 mhiliún agus ní féidir leis an iasacht ach suas le 50% de chostais an tionscadail a chlúdach. Is ionann iasachtaí idirmheánacha agus iasachtú do bhainc áitiúla nó d'idirghabhálaithe eile, a thugann, ina seal féin, tacaíocht don fhaighteoir deiridh. Tarlaíonn formhór an iasachtaithe in AE.



Sa bhreis ar a chuid gníomhaíochtaí traidisiúnta iasachtaithe, baineann BEI leas freisin as saoráidí measctha chun a chuid iasachtaí a mheascadh le deontais ó chomhlachtaí poiblí nó eagraíochtaí daonchairdiúla.

RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR

A. Rialachas

Tá pearsantacht dhlítheanach ag BEI, i gcomhréir le hAirteagal 308 CFAE. Déanann Bord Gobharnóirí, Bord Stiúrthóirí agus Coiste Bainistíochta é a stiúradh agus a bhainistiú (Airteagal 6 den Reacht). Déanann Coiste Iniúchóireachta iniúchadh ar ghníomhaíochtaí an Bhainc (Airteagal 12 den Reacht).

1. An Bord Gobharnóirí

a. Comhdhéanamh

Is airí arna n-ainmniú ag na Ballstáit atá ar an mBord Gobharnóirí (Airteagal 7(1) den Reacht).

b. Ról

Leagann an Bord Gobharnóirí síos teoracha ginearálta do bheartas creidmheasa an Bhainc agus áirithíonn sé cur chun feidhme an bheartais (Airteagal 7(2) den Reacht). I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Reacht, is gá don Bhord Gobharnóirí:

- Cinneadh a dhéanamh an bhfuil an caipiteal suibscríofa le méadú;
- Na prionsabail is infheidhme ar na hoibríochtaí maoinithe arna ngabháil ar lámh faoi chuimsiú chúram an Bhainc a chinneadh;
- Leas a bhaint as na cumhachtaí forordaithe do cheapadh agus scor éigeantach chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus an Choiste Bainistíochta;
- Cinntí a ghlacadh maidir le maoiniú a dheonú chun oibríochtaí infheistíochta a chur i gcrích, ina n-iomláine nó i bpáirt, lasmuigh de AE;
- Formheas a dhéanamh ar thuarascáil bhliantúil an Bhoird Stiúrthóirí, ar an gclár comhardaithe bliantúil deiridh, ar an gcuntas brabúis agus cailteanais, agus ar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc.

Ceapann sé seisear comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta (Airteagal 12(1) den Reacht), chomh maith le comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí (Airteagal 9(2) den Reacht) agus an Choiste Bainistíochta (Airteagal 11(1) den Reacht).

2. An Bord Stiúrthóirí

a. Comhdhéanamh

Tá 28 stiúrthóir agus 18 stiúrthóir mhalartacha ar an mBord Stiúrthóirí. Déanann an Bord Gobharnóirí na stiúrthóirí a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana. Déanann gach Ballstát, chomh maith leis an gCoimisiún, stiúrthóir a ainmniú (Airteagal 9(2) den Reacht).

b. Ról (Airteagal 9 den Reacht)

Glacann an Bord Stiúrthóirí cinntí maidir le:



- Maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí;
- Iasachtaí a chruinniú;
- Na rátaí úis ar iasachtaí a dheonaítear agus an coimisiún agus muirir eile a shocrú.

Áirithíonn sé go bhfuil an Banc á rith mar is cuí agus á bhainistiú i gcomhréir le forálacha na gConarthaí agus an Reachta, agus i gcomhréir leis na treoracha ginearálta arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí.

3. An Coiste Bainistíochta

a. Comhdhéanamh

Tá an Coiste Bainistíochta comhdhéanta d'Uachtarán agus ochtar Leas-Uachtarán arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí go ceann tréimhse sé bliana ar thogra ón mBord Stiúrthóirí. Tá a gceapacháin inathnuaite (Airteagal 11(1) den Reacht).

b. Ról

Tá an Coiste Bainistíochta freagrach i ngnóthaí laethúla an Bhainc, faoi údarás an Uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí; ullmhaíonn sé cinntí an Bhoird Stiúrthóirí, agus áirithíonn sé go gcuirtear chun feidhme na cinntí sin (Airteagal 11(3) den Reacht).

4. An Coiste Iniúcháireachta (Airteagal 12 den Reacht)

a. Comhdhéanamh

Tá seisear comhaltaí ar an gCoiste Iniúcháireachta, arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí (Airteagal 12(1) den Reacht).

b. Ról

Déanann an Coiste Iniúcháireachta a chinntiú gach bliain gur seoladh oibríochtaí an Bhainc agus gur coimeádadh a leabhair ar mhodh cuí. Chuige sin, fóraíonn sé go ndearnadh oibríochtaí an Bhainc a sheoladh ar cothrom leis na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear lena Reacht agus Rialacha Nós Imeachta (Airteagal 12(2) den Reacht). Fionnann sé an dtugann na ráitis airgeadais mar aon le haon fhaisnéis airgeadais eile dá bhfuil sna cuntais bhliantúla arna dtarraingt suas ag an mBord Stiúrthóirí léargas fíorchear ar riocht airgeadais an Bhainc (Airteagal 12(3) den Reacht).

B. Struchtúr

Bunaíodh Grúpa BEI in 2000 agus is iad BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) atá páirteach ann. Bunaíodh an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) in 1994 agus cuireadh ar bun é mar chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach (CPP) le trí phríomhghrúpa scairshealbhóirí: BEI, mar scairshealbhóir tromlaigh le 62.2%, an Coimisiún (30%), agus roinnt institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha (7.8%). Cuireann CEI foirmeacha éagsúla ionstraimí caipitil riosca ar fáil, e.g. caipiteal fiontair. Tá iasachtú CEI dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus úsáideann sé réimse leathan ionstraimí nuálacha agus é mar aidhm acu rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna.



PLEAN INFHEISTÍOCHTA DON EORAIP

Ó thosaigh an ghéarchéim eacnamaíochta agus airgeadais dhomhanda, tá AE ag fulaingt le leibhéal infheistíochta íseal. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dár teideal ‘Plean Infheistíochta don Eoraip’ ([COM\(2014\) 0903](#)) cuirtear treoir ar fáil maidir le conas infheistíocht in AE a athbheochan, poist a chruthú agus fás fadtéarmach agus iomaíochas a chothú. Tíolacadh an creat reachtach don tionscamh nua i dtogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) ([COM\(2015\) 0010](#)). Glacadh an Rialachán an 25 Meitheamh 2015. Tá CEIS ceaptha infheistíocht phríobháideach a ghiniúint trí chur ar fáil airgead poiblí agus timpeallacht atá fabhrach don infheistíocht a chruthú. Baineadh úsáid as ráthaíocht tosaigh EUR 16 bhilliún chuig BEI agus as gealltanais EUR 5 bhilliún ó BEI féin chun airgead príobháideach a shlógadh agus, faoi lár 2018, bhí a aidhm sáraithe ag CEIS EUR 315 bhilliún i maoiniú a ghiniúint d’infheistíocht in AE. Ní raibh sé i gceist go gcuirfí é in áit na gclár atá cheana ag AE agus BEI, ach go gcomhlánódh sé iad.

Le Rialachán CEIS bunaíodh an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) freisin, a bhfuil sé mar aidhm aige cúnamh comhairleach agus teicniúil a chur ar fáil chun tionscadail infheistíochta a shainaithint, a ullmhú agus a fhorbairt. Is comhpháirtíocht é MCEI idir BEI agus an Coimisiún agus rannchuidíonn an dá institiúid leis ó thaobh airgeadais de. Tá sé bunaithe laistigh de BEI, agus is é BEI atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh air.

Glacadh Rialachán CEIS 2.0 i mí na Nollag 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018. Leis an rialachán sin, cuirtear le ré CEIS (go dtí deireadh 2020) agus cuirtear feabhsuithe breise ar an gciste agus ar MCEI. Ceann de na príomhghnéithe ná an ráthaíocht ó AE a mhéadú go EUR 26 bhilliún agus an gealltanais ó BEI a mhéadú go EUR 7.5 billiún, féachaint le EUR 500 billiún i maoiniú breise d’infheistíocht a shlógadh.

‘BANC AERÁIDE’ AE

I mí an Mheithimh 2019, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar BEI ‘dlús a chur lena gníomhú ar son na haeráide’. Is é a thug BEI mar fhreagra ar an iarraidh sin, i mí na Samhna 2019, ná beartas maidir le straitéis aeráide agus iasachtú fuinnimh.

Thug BEI gealltanais go ndéanfadh sé a chuid gníomhaíochtaí maoinithe ar fad a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras. Go háirithe, déanfaidh BEI sciar na n-infheistíochtaí faoina thosaíocht maidir le ‘gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht comhshaoil’ a mhéadú go 50% faoi 2025. Éireoidh BEI as tionscadail breosla iontaise a mhaoiniú amhail ó dheireadh 2021.

Tá beartas nua BEI maidir le hiasachtú fuinnimh, lena rialófar a chuid gníomhaíochtaí in earnáil an fhuinnimh, bunaithe ar chúig cinn de phrionsabail:

- Tús áite a thabhairt d’éifeachtúlacht fuinnimh d’fhonn tacú leis an sprioc nua atá ag AE faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh AE;
- Dícharbónú fuinnimh a chumasú trí thacaíocht mhéadaithe a thabhairt do theicneolaíocht ísealcharbóin nó do theicneolaíocht saor ó charbón, agus é mar



aidhm sciar is ionann agus 32% a bhaint amach don fhuinneamh inathnuaite ar fud AE faoi 2030;

- Méadú a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh táirgeadh díláraithe fuinnimh, stóráil nuálaíoch fuinnimh agus leictrea-shoghluaisteachta;
- A áirithiú go ndéantar an infheistíocht san eangach is gá le haghaidh foinsí eadrannacha fuinnimh amhail gaoth agus grianfhuinneamh, agus treisiú le hidirnáisc trasteorann; agus
- Tionchar na hinfeistíochta a mhéadú chun tacú le haistriú fuinnimh lasmuigh de AE.

FREAGAIRT AR GHÉARCHÉIM COVID-19

Mar chuid de fhreagairt AE ar iarmhairtí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19, chruthaigh BEI, in 2020, ciste ráthaíochta EUR 25 billiún chun a chur ar a chumas do Ghrúpa BEI cur leis an tacaíocht a thugann sé do chuideachtaí i mBallstáit uile AE trí mhéid breise a fhad le EUR 200 billiún a shlógadh.

Tagann an méid sin sa bhreis ar phacáiste le haghaidh tacaíocht láithreach a fhad le EUR 40 billiún, arb é atá ann:

- Scéimeanna tiomnaithe ráthaíochta do bhainc bunaithe ar chláir atá ann cheana, ar scéimeanna iad a bhfuil feidhm le baint astu láithreach agus lena slógtar a fhad le EUR 20 billiún i maoiniú;
- Línte tiomnaithe leachtachta do bhainc chun tacaíocht caipitil oibre breise is ionann agus EUR 10 mbilliún a áirithiú do FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe; agus
- Cláir thiomnaithe maidir le ceannach urrús de bhun sócmhainní (ABSanna) chun gur féidir leis na bainc riosca a aistriú ar phunanna iasachtaí de chuid FBManna, ar cláir iad lena slógtar tacaíocht bhreise is ionann agus EUR 10 mbilliún.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

I gcomhréir le hAirteagal 308 CFAE, téitear i gcomhairle leis an bParlaimint nuair a dhéantar leasú ar Reacht BEI.

Gach bliain, déanann coiste Parlaiminte athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí BEI agus tíolacann sé tuarascáil sa seisiún iomlánach, a dtugtar cuireadh d'Uachtarán BEI chuige.

Faoin Rialachán atá ann faoi láthair, formheasann an Pharlaimint ceapachán an Stiúrthóra Bainistíochta agus an Leas-Stiúrthóra Bainistíochta ar CEIS. Déanann an Pharlaimint agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla ó bhuiséad AE a bhaineann leis an gciste ráthaíochta a údarú mar chuid den nós imeachta buiséadach bliantúil. Tá roinnt oibleagáidí tuairiscithe ar BEI agus ar an gCoimisiún i leith na Parlaiminte, amhail tuarascálacha bliantúla, éisteachtaí *ad hoc* agus iarrataí ar fhaisnéis.

Bhí an Pharlaimint páirteach, mar chomhrechtóir, sna caibidlíochtaí maidir leis an togra do CEIS 2.0.



Dražen Rakić
04/2020

